

A dhuine labhras an laoidh

[McKenna, L. *Iomarbhágh na bhFileadh* (Irish Texts Society, vols 20, 21, 1918); no. 21]

Tadhg Mac Dáire cct.

1 A dhuine labhras an laoidh  
mé an Tadhg ataoi do thathaoir  
mo ghairm ni cheilim fa choim  
do bheirim m'ainm ré n-abraim.

2 Soighin orra níorbh í ar dtoil  
gruaidh gach aoin d'aos ar n-ionnloigh  
ní héadóigh na doighir dhuinn  
tré shoighin n-éagcóir orruinn.

3 Ní maiseach liom do labhra  
ó neach i n-ainm ealadhna  
boirbh-bhriathra go mbriocht ré gcois  
nach loirgiarfa ar sliocht seanchais.

4 Acht ar labhair Lughaidh d'fhios  
nár dá bhfuil uaibh re haighnios  
mar lucht eagna do thairg teacht  
gan fhreagra ar aird ná éifeacht.

5 Inis uait domh a dhuine  
créad dom briathraibh bhréagnuighe  
dá n-iomrádh gidh bé ré mbí  
an é an t-iomlán nó an éinní.

6 Fan seanchas chuirim chugaibh  
congbhaidh é nó urlagaidh  
fa a rádh níorbh éagnuighthe inn  
slán a bhréagnuighthe bheirim.

7 Ag so suim ar seanchais daoibh  
um dhuain neimh-bhréagaigh neamh-maoil  
téighim gan chleith dhaobh nó dhamh  
fa a bheith i laoidh nó i leabhar.

8 Slán a bhréagnuighthe orm d'fhear  
sinnsear Éireamhón Éibhear  
ní bhiadh dhósan acht uaill ann  
nach ó shósar fuair fearann.

9 Atá aniu i sein-leabhraibh sean  
ainm Hibernia ó Éibhear

sgriosadh é as lár na leabhar  
gidh bé lén hál mh'éileaghadh.

10 Traothadh Mhic Chuill d'Éibhear Fhionn  
fuair roimhe i ríoghacht Éireann  
fa chlár Éibhir na n-eathar  
slán éinfhir da éileachadh.

11 Slán fós a bhréagnuighthe soin  
ríoghradh shíl Éibhir éachtaigh  
gasradh armraithe óg fhionn  
nárbh anfhlaithe d'fhód Éirionn.

12 Gach ar ríomhas dá ríoghaibh  
a ndubhart dá ndeigh-ghníomhaibh  
sgríbhne liom i nÉirinn air  
téighim ós chionn a chosnaimh.

13 Na héachta do háirmheadh leam  
i ngné fhreagra ar rígh Éireann  
an té déara a shéana sin  
do ghéabha a sgéala i sgríbhniú.

14 Bíodh gomadh searbh a rádh ruibh  
géill Chormaic d'fhagháil d'Fhiachaíd  
ní fhuil sé i leabhar ná i laoidh  
gidh bé déaradh is díomhaoin.

15 Easgar Riada na ród bhfionn  
nach leath chomhthrom d'fhód Éirionn  
an taobh dhí ronnas rinne  
follas gurb í an fhírinne.

16 Más é as fhíor-oighre ar gach fhuil  
sliocht a sinnsir dá sleachtaibh  
ní fhéad maicne Míleadh mhir  
síneadh tar aicme Éibhir.

17 Nach í an fhian a-bháin do bhris  
cath Gabhra ní gheabh thairis  
tar neart ríogh mín-eang Mumhan  
sgríbeann bhfíor ar bhfiadhnughadh.

18 Riom i dtagra ós tú raghas  
ag sin suim ar chéad-chanas  
féach cá mhéad éilihfe ann  
nó créad th-éilihthe oram.

19 Níom comh-ghaoil níom cara dhuibh

tarsa ná tathaoir Lughaidh  
bréagnuigh féin an mhéid-se a-mháin  
nó is béim ar th-éigse éagcóir.

20 Taisbeán th-ainm agus th-aghaidh  
cosain th-aighneas d'ealadhain  
nó bí go hadhnár umhal  
tréad cham-dhán gan chothughadh.

21 Ní do réir shuadh do sheoluis  
do dhán bréagach beg-eoluis  
ní ceisd d'aon th-ainbhios d'aithne  
trét aighnios maol mearaighthe.

22 Beir dá leigheas óm labhra  
luibh dom briathraibh barbardha  
leigheas neimhe neimh eile  
neimh ar gcneidhe coinnteine.

23 Anfad gan iomad do rádh  
do chur críche ar an gcomhrádh  
mar sgéith chosnaimh dar canadh  
i n-orsain ar n-ealadhan.

24 Deacraide ní do rádh riom  
más fiadhain sgéala sgríbhionn  
ós dó tá m ní thagraim ruibh  
glár dá n-abraim gan fhiadhuin.